

Mionlach

€3/£2

Uimhir 8
Samhain 2017

— IRIS DE CHUID MISNEACH —



Misneach chugainn ón Chatalóin

MISNEACH
ár dteanga, ár dtodhchaí

» Gaelphobail Úra ag Teastáil

» Cá bhfuil na mná in earnáil na Gaeilge?

» An Réabhlóid is mó

» Amhrán na mBreatnach

Agus i bhfad níos mó ...

MISNEACH

eolas@misneachabu.ie

Grúpa radacach na nGael



Seacht Mór-Sprioc

1. Lánfhostaíocht, a thugann aitheantas do chearta teanga, sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne.
2. Oideachas trí Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil ag gach leibhéal dóibh siúd atá á iarraidh.
3. Cearta iomlán teanga ar fáil do na Gaeil in Éirinn.
4. Gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
5. Féinchumhachtú na nGael.
6. Saol sóisialta bríomhar ar fáil trí Ghaeilge.
7. Díchoiliniú iomlán!

**GLAC BALLRAÍOCHT
LINN INNIU!**



I measc ábhar an eagráin seo:

- 4 **Gaelphobail Úra ag teastáil**
Seanán Mac Aoidh
- 5 **Cá bhfuil na mná in earnáil na Gaeilge?**
Bee Ní Choitir agus Katie McGreal
- 6 **Réabhlóidí, ainrialaí agus bean láidir**
Brighid Mhic Sheáin
- 7 **Ar Thairseach Saol Corrach Úr**
Jake Mac Siacias
- 8 **Sé Bliana Déag D'aois**
Dáire Ní Chanáin
- 9 **Sábháil Ár Speiríní!**
Sinéad Ní Mhearnóg
- 10 **An réabhlóid is mó**
Aindrias Ó Cathasaigh
- 11 **Feachtas nua le tír dhátheangach a chruthú**
Aidrian Breathnach
- 12 **Cân i Gymry/
Amhrán na mBreatnach**
Aistrithe ag Séamus Barra is Bethan Ruth Roberts
- 14 **Vida de gado/
Saol na bó bainne**
Seaghan Mac an tSionnaigh
- 15 **Agallamh le gníomhaí teanga as Tír na mBascach**
Jone Ugarteburu agus Seanán Mac Aoidh i mbun agallaimh le Koldo Zarate Onaindia

Príomh-Eagarthóir: **Katie McGreal**

Coiste Eagarthóireachta:

Séamus Barra Ó Súilleabháin, Seanán Mac Aoidh

Teagmháil: mionlach.iris@gmail.com

Suíomh idirlín: mionlach.wordpress.com

Eagarfhocal:

A Chairde agus a Chomrádaithe,
Tá lúcháir orainn arís eagrán breá eile de Mhionlach a chur faoi bhur mbráid agus é pacáilte le scoth an ábhair. Tá stuif againn an iarraidh seo as Éirinn agus as tíortha eile dálta, an Chatalóin, Tír na mBascach, an Fhrainc, an Rúis, An Bhraisíl, An Bhreatain Bheag... thar a bheith idirnáisiúnta!

Is cinnte gur chuir na híomhánna ón Chatalóin a bhí le feiceáil go fada fairsing le gairid ar na meáin shóisialta idir olc agus alltacht ar mhórán againn nuair ba léir go raibh bunphrionsabail an daonlathais á sárú ag rialtas na Spáinne agus gnáthdhaoine á ngreadadh ar na sráideanna. Mar sin féin, ba ardú croí agus cúis misnigh dúinn a fheiceáil go raibh briogáid dóiteáin na Catalóine agus fiú amháin cuid de na péas áitiúla ag tacú leis an phobal agus iad go díreach ag iarraidh vóta a chaitheamh. Mheas muid gur cumhachtach an íomhá briogáid dóiteáin na Catalóine in adharca leis na péas náisiúnta, agus gur maith an léiriú é ar dhínit agus aontacht mhuintir na tíre sin, rud atá ina eiseamláir dúinn go léir.

Bhí samhradh gnaitheach againn uilig agus borradh mór faoi fhéilte na nGael le feiceáil le cúpla bliain anuas. Chonaic muid cuid mhór de scríbhneoirí agus léitheoirí na hirise seo ag macasamhail Fhéile na Gealaí i Ráth Chairn agus Liú Lúnasa. Bhí muid uilig chomh sásta le cat a mbeadh póca air ar na mallaibh nuair a fuair muid amach go raibh an Cabaret Craiceáilte ag teacht ar ais mar imeacht rialta ar fhéilire sóisialta na nGael. Go mba fada buan an chraic!

Mar a chonacthas spréailte ar bhalla i gcathair Bhéal Feirste le gairid, "Cóisir Cinnte, Troid Fosta" agus tá muid uilig sáite sa trodaíocht fosta, bíodh sé an cath ar son Acht Teanga sna Sé Chondae, Aisghairm an tOchtú Leasú, an Streachailt Fheimineach, an streachailt ar son na Gaeltachta agus in éadan Bhanú na Tuaithe agus Ghalldú na tíre, chomh maith le cuid mhór troideanna eile atá millteanach tábhachtach. I ndeireadh na dála, is é seasamh Misneach, agus seasamh na hirise gurb é an córas caipitleach féin agus cumhacht na stát impiriúil agus na n-ollchomhlachtaí idirnáisiúnta an bac is mó atá roimh an chine daonna. Tiocfaidh na Gaeil slán nuair a shaorófar an chosmhuintir i gcoitinne. Ní saoirse go saoirse an lucht oibre. Ar aghaidh linn!

Beir Bua agus Beannacht,
Katie, Séamus agus Seanán



An slua i láthair ag an gcaint

Gaelphobail úra ag teastáil

• Seanán Mac Aoidh

Mar chuid den fhéile Liú Lúnasa i mBéal Feirste (Lúnasa 2017), tugadh aghaidh arís ar cheist seo na nGaelphobal a bhfuil Misneach ag díriú air le tamall anuas. Ar ndóigh, d'eagraigh Misneach cuairt ar Éiceaphobal Cloch Shiúrdáin (*Cloughjordan*) ní ba luaithe i mbliana agus é mar sprioc againn foghlaim ó cheachtanna an phobail sin agus deis a thabhairt do bhaill agus do lucht tacaíochta Misneach a machnamh a dhéanamh ar thogra seo na nGaelphobal. Léiríodh suim mhór sa togra agus chóir a bheith achan duine sa tseomra go mór i bhfách le bheith páirteach i dtógáil Gaelphoba(i)l. Chonacthas dúinn gurbh fhiú teacht le chéile eile a eagrú i rith Liú Lúnasa ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh sa togra seo.

Tugadh cuireadh do Phól Breathnach as Gaeltacht Chontae na Gaillimhe agus Ciarán Dúnbarrach as deisceart Chontae an Duín. Labhair Pól Breathnach ar dtús agus chuir sé i láthair aisling gaelphobail s'aige féin. Thrácht sé ar Ghaelphobail eile ar cuireadh tús leo san am a chuaigh thart. Mhol sé go hard na spéire Gaeltacht Bhóthar Seoighe mar shampla de na héachtaí a b'fhéidir a bhaint amach sa todhchaí. Luaigh sé fosta éiceaphobal Chloch Shiúrdáin mar eiseamláir den chineál pobail is féidir a chur ar bun.

Thagair sé do staid na Gaeltachta san am i láthair agus dar leis "nach bhfuil an dara rogha" againn ach Gaelphobal úr a chur ar bun sa dóigh is go dtiocfaidh an Ghaeilge slán "mar theanga dhúchais". Mar a dúirt sé, "Tá fhios againn céard atá ag tarlú sa Gaeltacht. Tá daoine ag obair lena sábháil, mé féin ina measc. Ach tá fórsaí cumhachtacha nach féidir linn a

cheansú ag obair inár gcoinne." Dúirt sé nárbh fhéidir páistí a thógáil le Gaeilge mar is ceart i nGaeltacht Chontae na Gaillimhe na linne seo. Dar le Pól, tá ceithre riachtanas ann le Gaelphobal den tsórt atá i gceist aige a bhunú:

- (1) **Caithfidh an Gaelphobal a bheith in áit dá chuid féin, amach ó lucht labhartha an Bhéarla. Agus é chomh neamhspleách agus is féidir.**
- (2) **Ní mór don teanga a bheith go líofa ag chuile bhall den Ghaelphobal. Agus na baill a bheith tiománta le Gaeilge a bhronnadh ar an chéad ghlúin eile.**
- (3) **D'fhanfadh a leithéid de Gaelphobal i dteagmháil le mionphobail eile agus leis an**

Is é atá i gceist le Gaelphobal, pobal nó lonnaíocht nó comharsanacht a chuirtear ar bun go comhfhiósach, i gceantar ar leith nó ar fhearann talaimh, sa dóigh is go mbeidh sé ar maos i gcultúr agus teanga na nGael.

mhórphobal Gaeilge ar fud na Gaeltachta, na hÉireann agus an domhain ar mhaithe le comhairle, cabhair agus cuideachta.

(4) **Eagar a bheith ar an dream a bheadh i mbun an Ghaelphobail.**

D'iarr sé ar dhaoine aontú ar an fhís sula dtéitear i gcionn na hoibre a bhaineann le bunú an Ghaelphobail féin.

Bhí an Dúnbarrach ag teacht le Pól Breathnach sa mheas atá aige ar an Gaeltacht mar thobar agus phríomhfhoinsé na teanga. "Creidim" a dúirt sé, "i dtábhacht na Gaeltachta, ní hamháin mar thobar na Gaeilge ach mar fhoinsé cearta agus dílseanachta. Agus gan an Gaeltacht ní dóigh liom go mbeidh tacaíocht stáit ar bith ann don Ghaeilge." Chuir an Dúnbarrach béim ar an ghníomhaíocht, agus dar leis gur furasta a bheith ag caint. "Sáraíonn gníomh caint" a dúirt sé dhá uair as a chéile, "ná habair é, déan é".

"Caithfidh muid" a dúirt sé, "éirí as an smaoineamh go bhfuil Foras na Gaeilge nó rialtas na hÉireann chun a dhath ar bith suntasach a dhéanamh leis an Ghaeilge a shábháil... níl ann ach tusa, níl ann ach mise, níl ann ach sinne, níl ann ach na Gaeil." Dúirt an Dúnbarrach gurb í teanga an tí an bhunchloch agus gan í nach fiú biorán rud ar bith eile. Dúirt sé nach ndéanann an obair agus an ghníomhaíocht uilig eile ar son na Gaeilge "pioc duifir", "má théann daoine abhaile le páistí a thógáil le Béarla".

Luaigh an Dúnbarrach dhá thogra ar éirigh leo lonnaíochtaí úra Gaelacha a bhunú; Ráth Chairn agus Gaeltacht Bhóthar Seoigh. Rinne an sé pointe láidir nár chóir go mbeadh an gaelphobal scoite amach ón mhórphobal, nach "daingean" ba cheart a bheith ann, ach "síol" agus go mbeadh "eagla" ar dhaoine a bheith ina gcónaí i gcumann [commune]. Labhair sé ar an fhadhb a bhaineann le pearsantachtaí achrannacha agus dúirt gurb í sin an fhadhb a chuir tograí eile gaelphobail chun sioparnaí san am a chuaigh thart. Luaigh sé saibhreas na teanga mar sprioc.

Arís dhírigh an Dúnbarrach aird ar an ghníomh agus dúirt, "ná déan gearán, déan pobal! Stadaimis den chaint. Is iomaí seanteach ar díol ar fud na hÉireann gur féidir clochán tithe a dhéanamh astu ar phraghas réasúnta, cupla tí a thógáil ann, coilíniú sa cheantar thart a spreagadh, sibín a thógáil, dul i mbun dian-ghníomhaíochta."

Cá bhfuil na mná in earnáil na Gaeilge?

• Katie McGreal agus Bee Ní Choitir

Deirtear go bhfuil na deiseanna céanna ag mná is atá ag fir sa lá atá inniu ann. Deirtear gur féidir le bean aon rud a dhéanann fear a dhéanamh. Go teicniúil, tá sin fíor. Is féidir liom morgáiste a fháil liom féin agus teach a cheannach, is féidir liom bheith páirteach sa pholaitíocht agus is féidir liom cur isteach ar na poist chéanna is a chuireann fir isteach orthu ach an mó bean a n-éiríonn léi an post is fearr san eagraíocht a bhaint amach?

Ag breathnú ar na trí cheanneagraíocht is mó i saol na Gaeilge; Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael, is ag Edel Ní Chorráin an ról is airde mar Leas-Phríomhfheidhmeannach i bhForas na Gaeilge ach cá bhfuil na mná eile?

Tá seachtar mbainisteoir ag Glór na nGael ach níl ach bean amháin ina measc siúd. Is iad fir uilig a thógann na príomhróil i gConradh na Gaeilge. Ó bunaíodh an eagraíocht ní raibh ach beirt uachtarán ar mná iad; Íte Ní Chionnaith ó 1985-1989 agus Áine de Baróid ó 1994-1995. Ag fágáil ar leataobh obair Chonradh na Gaeilge, má bhreathnaímid ar an bhfeachtas is mó faoi láthair, Acht Anois, feicimid ceathrar fear mar ionadaithe dúinn; Pádraig Ó Tiarnaigh, Ciarán Mac Giolla Bhéin, Julian de Spáinn agus an Dr Niall Comer. Arís, obair iontach ar siúl acu ach mothaítear gur ógmhnaí dtrioblóid sinn agus tá ár bprionsaí tagtha.

Tá sé tábhachtach go mbeidh mná mar rólchuspaí [role model] in eagraíochtaí, ní amháin eagraíochtaí Gaeilge ach ar fud na cruinne. Go mbeidh na scileanna acu agus an deis acu príomh-ról a bhaint amach in eagraíochtaí nó gnó. Cinnte tá níos mó ban ag obair sna heagraíochtaí seo ná atá thuasluaite ach níl siad sna poist is airde, is fir uilig a líonann na rólanna is tábhachtaí, ach amháin Edel Ní Chorráin. Is rud é sin a thugann an-dóchas dom. Tá seans éigin ag mná go bhféadfaidh siad áit ard in eagraíocht a bhaint amach ach cén fáth nach bhfuil sé ag tarlú níos mó?

An rud is tábhachtaí ná go gcoinníonn muid leis an míniú ar an bhFeimineachas:

"Duine a chreideann i gcothromas sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúla inscne." Ní hé go bhfuilimid ag iarraidh go mbeidh mná amháin i gceannas, ach go mbeidh cothromaíocht ann. Ag coinneáil súil amháin ar an ráiteas sin agus súil eile ar shaol na Gaeilge, an féidir linn a rá go bhfuil cothromaíocht ann?

Ní féidir! Ach cén fáth nach mbaineann na mná na poist is airde amach? Tá cúpla cúis ann ach sílim gurb é easpa muiníne an chúis is mó. Bíonn níos mó muiníne ag fir ná a bhíonn ag mná. Cuireann fir iad féin chun tosaigh níos mó ná mná. Tháinig cara liom ar ais ag an obair i ndiaidh saoire mháithreachais agus thug sí faoi deara go raibh comhghleacaithe agus daoine a bhí ag freastal ar ranganna san ionad ag caitheamh léi ar bhealach difriúil ná an bealach go raibh siad ag caitheamh leis an bhfear a chlúdaigh a saoire máithreachas. Bíonn daoine ag súil leis go ndéanfaidh mo chara níos mó oibre ná go mbíonn siad ag súil leis ón bhfear a bhí ann ina háit.

Nuair a bhíonn páiste ag mná tá siad in

ann 26 seachtain a ghlacadh ar shaoire máithreachais. Nuair a bhíonn páiste ag bean fir, tá an fear sin in ann coicís a ghlacadh ar shaoire atharthachta. Sa tsochaí ina bhfuilimid ag maireachtáil faoi láthair is iad na mná is mó a thugann aire don pháiste sa teach. Bíonn daoine ag súil leis go mbeidh mná ag déanamh níos mó sa bhaile ná fir. Glacann mná le níos mó de na dualgais sa bhaile. Nuair a bhím ag cruinnithe nó ag eagrú imeachtaí feictear dom gur praiticiúla na mná.

Deirtear gurb iad na hOifigigh Fhorbartha airm saol na Gaeilge. Níl a leithéid ar fáil i saol an Bhéarla. Iadsan a dhéanann an obair is praiticiúil i mbun an phobail idir fheachtais, thionscadal agus chumarsáid. Iadsan ionadaithe na Gaeilge i measc an phobail. B'fhéidir gurb shin í an chúis go bhfuil deichniúr oifigeach forbartha ag Glór na nGael, ochtar acu sin ina mná. Ach féach arís nach bhfuil ach bainisteoir amháin as seachtar ina bean.

Nuair nach bhfuil ach ionadaí amháin agat sna leibhéil is uachtaraí den bhainistíocht, caifear ceist a chur cén fáth? Nach bhfuil na deiseanna céanna ann? Nach bhfuil na scileanna céanna acu? An bhfuil tionchar aige sin ar rudaí cosúil le saoire mháithreachais? Nó ar lá saoire de bharr tinneas na mban? An bhfuil tuiscint ann ar na riachtanais atá ag mná? Má tá freagra diúltach ar na ceisteanna seo uilig caithfear ceist a chur ar an mbainistíocht, céard atá ar siúl chun é a athrú?





in 1856 agus í 26 bliana d'aois tharraing sí ar an phríomhchathair, áit ar thacaigh sí leis an chéad *Internationale*. Thosaigh sí ag scríobh, chuir sí ranganna ar siúl do na hoibrithe óga, theagmhaigh le mná eile a chreid i gcearta na mban. Bhunaigh sí scoil i Montmartre agus tháinig a máthair chun cónaí léi. Bhaist nuachtáin naimhdeacha na linne 'an mhaighdean dhearg' uirthi cé gur tugadh 'la bonne Louise' uirthi fosta.

An Commune

In 1870 chuir Napoleon III lena dheacrachtaí nuair a chuaigh sé chun cogaidh leis na Prúisigh, cogadh ar a thug Louise "carn de chorpáin mar thaca do Bonaparte." Buadh ar an Fhrainc agus rinneadh príosúnach den Impire. Bhí deireadh leis an Dara Impireacht agus fógraíodh an Tríú Poblacht. Chuir na Prúisigh Páras faoi



léigear sa gheimhreadh de 1870 agus d'fhulaing an chathair cruatan ceithre mhí. I rith an léigir d'oibrigh Louise go dian ag soláthar bia agus bainne do na páistí. Ghéill Páras in Eanáir 1871. Sa tionól náisiúnta, a bhí lonnaithe anois i Versaille le Adolphe Thiers i gceannas air, ba iad an mheánaicme agus ríogaithe a bhí in uachtar agus iad ar son theacht chun réitigh leis na Prúisigh; cheap na réabhlóidithe go raibh siad náimhdeach do phoblacht a ghníomhódh ar son na n-oibrithe. Mar sin, i mí an Mhárta 1871 bhunaigh lucht réabhlóide — meascán de shóisialaithe agus de phoblachtaigh — an Commune le gníomhú mar rialtas réabhlóideach ar Pháras. Tógadh bratach dhearg in airde mar chomhartha na réabhlóide; ba ina dhiaidh 1871 a ghlac sóisialaithe agus cumannaithe an bhratach dhearg chucu féin. Níor mhair riail an Commune ach dhá mhí. Cheap Thiers an Marascal Patrice de Mac-Mahon (de shliocht Éireannach!) mar cheannaire ar arm Versaillais agus ar 21 Bealtaine bhris sé isteach sa chathair.

Réabhlóidí, ainrialaí agus bean láidir

• Brighid Mhic Sheáin

Tá suas le 300 stáisiún sa chóras Metro i bPáras. Ar chuid mhaith acu tá ainmneacha daoine, ó scríbhneoirí go saighdiúirí: Émile Zola, Victor Hugo, Hoche, Charles de Gaulle. Fir uilig. Mura mbíonn an Mhaighdean Muire san áireamh nó Marie Curie (lena fear céile) níl ach stáisiún amháin acu a bhfuil ainm mná air. Louise Michel, réabhlóidí agus ainrialaí.

Óige

Rugadh in 1830 í sa chateau i Vroncourt-la-Cote, Haute-Marne. Ceaptar gur saolaíodh í do thiarna an chateau agus duine de na seirbhísigh. Seanscéal agus drochthús, déarfá, do leanbh sa tréimhse sin. Ach is cosúil gur saol sona go leor a chaith an cailín óg: tógadh sa chateau í agus saoirse aici amuigh faoin tuath; caint agus ceol istigh agus ní ba mhoille, oideachas. Ansin, in 1851 agus Louise 21 bliain

d'aois fuair an tiarna bás agus cuireadh chun bealaigh í. Chuaigh sí le cúrsa múinteoireachta ach mar phoblacht-ach dílis dhiúltaigh sí glacadh leis an mhóid dílseachta a d'éiligh Napoleon III a bhí i ndiaidh an Dara Poblacht a scor agus Impire a dhéanamh dó féin ar an Dara Impireacht in 1852. Chuir Louise scoil dá cuid féin ar siúl ina ceantar dúchais, scoil inar chleacht sí modhanna spreagúla neamhchoitianta. Ach ba dhual di bheith ina réabhlóidí agus

Seachtain na fola

I seachtain choscartach amháin ar a dtugtar 'la semaine sanglante' (seachtain na fola) cuireadh deireadh leis an Commune. Maraíodh na mílte de na réabhlóidithe, fir agus mná, agus páistí féin — tá easaontas faoi na huimhreacha. Sheas siad an fód go deireadh. Tharla an seasamh deireanach ag reilig Pere-Lachaise, áit ar maraíodh timpeall 150 acu ag balla inti (Mur des Fédérés), a bhfuil lorg na bphiléar air ar fad.

Díbeartha

Rinneadh príosúnaigh, suas le 8 míle in áireamh amháin; díobh sin díbríodh leathchuid, duine acu Louise Michel, a ghlac páirt ghníomhach i gcosaint an bhaile mar bhall de chathlán Montmartre. Chaith sí dhá bhliain i bpríosún sul a díbríodh in 1873 go dtí Nouméa i Nouvelle-Calédonie, coilín-eacht Fhrancach san Aigéan Ciúin. Bhí sí bliain is daichead. Agus í ar an oileán beag seo thacaigh sí le pobal dúchasach an oileáin a bhí ag iarraidh saoirse ó na Francaigh. Saoradh Louise in 1880 agus d'fhill sí ar an Fhrainc. Ar ais i bPáras lean sí mar ainrialái. Chomh bocht leo féin d'oibrigh sí ar son na "damnés de la terre." In 1905 traochta agus lena sláinte briste fuair sí bás i Marseille. Ar an tórramh bhí na mílte de na hoibrithe a tháinig le slán a fhágáil aici, bratacha dearga ar foluain sa ghaoth.

Rugadh agus tógadh Bríghid Mhic Sheáin ar Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Gaeltacht Bhóthar Seoighe ansin. Tá céim sa stair aici ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste. Tá sí ag scríobh alt d'irisí staire agus Gaeilge le fada an lá.



Ar thairseach saol corrach úr

• Jake Mac Siacais

"Tá mé i mo sheasamh ar thairseach saol corrach úr, go ndéana Dia trócaire ar m'anam." Ba leis na focail seo a d'oscail Bobby Sands Cín Lae s'aige, cuntas ar an chéad seacht lá déag den stailc ocrais s'aige a mhair 66 lá agus a thug an bás dó féin agus do naonúr dá chomrádaithe ina dhiaidh.

I 1981 chuir na stailceoirí ocrais céanna deireadh ar fad le polasaí coiriúlachta Rialtas na Breataine, a bhí a leanstan ó 1975, ach ar a bharr sin d'athraigh siad polaitíocht na hÉireann ó bhun. B'fhéidir nach bhfaca daoine chomh mór agus a bhí an saol polaitiúil ar an oileán ar fad athraithe agus iad i lár na laethanta dorcha tragóideacha sin ach b'iad impleachtaí na tréimshe corraithí sin a thug daoine i dtreo chasán na síochána agus chuig Chomhaontú Aoine an Chéasta agus gach a tháinig uaidh sin.

Anois, 36 bliain ar aghaidh ó 1981, táimid arís ar thairseach saol corrach úr. Cad is cúis leis? Tá na cúiseanna uilig, dar liom, le haimsiú sna dinimicí polaitiúla atá ag eascairt as na déimeagrafaic athraithe, ar chéad aithníodh iad i nDaonáireamh 2011 agus atá ag eascairt as an uchtach agus muinín atá Náisiúnaithe agus Poblachtaigh araon ag mothú dá bharr. Tá náisiúnaithe na hÉireann, fiú b'fhéidir daoine sa bhunaíocht ó Dheas, anois ag amharc ar an Bhreathimeacht ón Eoraip — a tháinig de thaisne as géarchéim i bPáirtí Choimheadach Shasana — mar dheis chun ceist todhcháin an Oileáin ar fad a shocrú don fhadtéarma.

Tá an idirthréimhse a thosaigh le Comhaontú Aoine an Céasta thart. Tá achan rud ar an tábla arís. Tá an tagarfhrama don bhealach chun tosaigh ann sa chomhaontú a thángthas air i 1998 agus níl ach aon treo amháin i bpolaitíocht na hÉireann amach anseo agus sin i dtreo Éirinn Aontaithe, cibé cruth a bheas air sin. Bhí comharthaí sóirt ann go raibh géarchéim ag bailiú nirt nuair a sheol Ceannaire an DUP, Peter Robinson a litir ó Mheiriceá i Mí Lunasa 2013. Ba shin i ndáiríre tús an deiridh don 'páirtneireacht fhéideartha' a bhí ann idir Sinn Féin agus an DUP.

Cé gur léir do go leor daoine sa phobal go raibh ag teip go hiomlán ar pholasaí cheansaithe Shinn Féin i leith an DUP, lean Sinn Féin leo ó thuaidh ag iarraidh na hinstiúidí i Stormont a choinneáil



beo, ach is ar inneall tacaí beatha a bhí an Tionól ón 2013 ar aghaidh. Ainneoin an tsocraithe ar tugadh an 'Tús Úr' air bhí an DUP faoi 'ceannasaíocht' Arlene Foster ag caitheamh go maslach le náisiúnaithe go ginearálta, le pobal na Gaeilge ach go háirithe agus le héinne nach raibh sásta géilleadh do mhianta na nAontachtach nó don domhan mar a chonacthas d'Arlene agus dá comhghleachtaithe é. Baineadh siar do cheannairí Shinn Féin nuair a chuaigh siad i gcomhairle lena lucht tacaíochta sa tréimhse díreach roimhe an Nollaig seo caite. Níor thuig siad, de réir cosúlachta, cé chomh mór agus a bhí muinín náisiúnaithe sa Tionól cailte. Chuir cinneadh Paul Givan, maidir le sparánachtaí Gaeltachta do pháistí, an tairne deireanach i gconair an Tionóil.

Dúirt an t-iar-úrlabharáí Shinn Féin, Danny Morrison, le déanaí san *Irish News*: "It appeared to me, even at that stage (2016), that Sinn Féin was still trying to preserve things but I believe the base had shifted."

Is léir go dtuigeann Sinn Féin anois go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach acu cinntiú nach dtéann siad isteach in aon pháirtneireacht le haontachtaithe nach gcinntíonn go bhfuil an 'status quo ante' imithe agus imithe go deo. Tuigean an DUP fosta an dóigh a bhfuil cúrsaí athraithe. Thig leis an DUP na rúnscribhinní a léamh chomh maith le duine ar bith againn, ach ní féidir leo dul i ngleic leis an dinimic úr ó thaobh mothúcháin de.

Beag beann ar na páirtithe polaitiúla tá na grúpaí feachtasaíochta, lucht na Gaeilge, lucht na n-íobairteach agus lucht an chothromais cumhachtaithe ar bhealach nach raibh siad ó aimsir na stailceanna ocrais. Tá an *genie* amuigh as an bhuideál agus ní bheidh sé fuarasta ag dream ar bith anois é a chur ar ais arís.

Is athair, seanathair agus gníomhaí teanga é Jake MacSiacais. Tá sé bainteach le hathbheochan na Gaeilge le breis agus tríocha bliain. Is stiúrthóir é ar Forbairt Feirste agus chaith sé sealanna éagsúla ina chomhalta ar Bhord Foras na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta agus mar gobharnóir ar Bhunscoil Phobal Feirste agus Coláiste Feirste.

Sé Bliana Déag D'aois

Le Dáire Ní Chanáin

Ghoid mé gúna ó mo dheirfiúr le dul amach.
Is beag éadaí cóisireachta a bhí agam ag an am sin.
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

Chuaigh muid go Sandinos i gcathair Dhoire
ach bhí eagla orainn ar fad mar gheall nach raibh ID
agam.
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

Fuair muid Tequila
Ach dhoirt mé é ar fad ar ghúna mo dheirfiúr
as siocair nach raibh a fhios agam cén dóigh é a ól.
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

D'iarr tú orm damhsa leat.
Ní raibh mé riamh ag damhsa le buachaill.
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

Phóg tú mé
Stad mo chroí
An chéad uair dom beola duine éigin a mhothú ar
mo bheola féin
Bhí d'fhéasóg ag cur isteach ar mo smig ach ba
chuma liom

Ní chreidfeadh mo chairde seo
Bhí mise in Sandinos
Bhí muid ólta
Tá sé bliain is fiche d'aois
Agus phóg seisean mise!

Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

Chuaigh muid ar fad ar ais chuig do theachsa.
Mo chéad 'chóisir tí' riamh
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

D'iarr tú orm dul a luí leat
Dúirt mé nach raibh mé ach ag iarraidh cuddles.
Dúirt tú, "Ar ndóigh- cuddles amháin"
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois
Ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois



Dúirt tú go raibh mé uait
Go raibh tú ag iarraidh mé le tamall fada anuas
D'inis tú dom go raibh mé sexy
ní raibh mé ach Sé bliana déag d'aois

Bhí a fhios agat go raibh mé míchompordach
Tá a fhios agam gur chuala tú mé

Deora i mo shúile
Ag rá

"Please
Just stop
I don't want this
Let's go to sleep
Please"

Tá a fhios agam cad a tharla an oíche sin
D'fhulaing mé ar feadh cúig bliana mar gheall ortsa
Ach tá mé réidh leat anois
Agus réidh leis an phian

Is féidir liomsa éalú
Ach beidh tusa beo ar feadh do shaoil ar fad
Ag smaoineamh faoin rud a rinne tú ormsa
Nuair nach raibh mé ach sé bliana déag d'aois.

Is mac léinn de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh í Dáire Ní Chanáin atá ag déanamh staidéir ar Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin. Tá sí anois ag cur fúithi i mBéal Feirste ar bhliain shocrúcháin oibre leis an Chultúrlann, Conradh na Gaeilge agus Raidió Fáilte.

MISNEACH

ár dteanga, ár dtodhchaí

Sábháil ár Spéiríní!

• Sinéad Ní Mhearnóg

Rugadh agus tógadh mé in áit darb ainm An Caisleán Glas a bhfuil cáil uirthi i measc na nGael mar gheall gurb í Gaeltacht Dheireanach Thír Eoghain. Is áit bheag tuaithe í suite go hard i Sléibhte Mhuintir Luinigh (Spéiríní), áit atá aitheanta mar limistéar sár-áilleachta nádúrtha (LSN), áit mhór feirmeoireachta agus anois áit atá ag dul i mbun troda leis an tsáráilleacht, an tslí maireachtála feirmeoireachta agus an suaimhneas á gcosaint ó chomhlacht óir darb ainm Dalradian Gold atá ag iarraidh seanmhianach óir sa cheantar a athoscailt agus monarcha phróiseála mhór a thógáil ann.

Is comhlacht taiscéalaíochta Ceanadach é Dalradian a tháinig anseo i 2010 leis an seanmhianach óir a athfhoscailt agus a fhorbairt. Thug Invest NI £326,000 dóibh le 'tacú le poist agus oiliúint'. Is iomaí duine i mo cheantar a amharcann air seo amhail is go bhfuil an cáiniocóir ag fóirdheonú costais Dalradian.

Le dornán de bhlianta anuas tá ciste pobail oscailte acu, *The Tyrone Fund*. Dáileann an ciste seo airgead ar ghrúpaí pobail, ar an dóigh chéanna is a rinne Shell i Maigh Eo le daoine a mhealladh. Shílfeadh an té nach bhfuil eolach ar an scéal gur maith an rud é seo ach nuair atá a fhios agat go bhfuair siad an méid sin airgid ó Invest NI, tá taobh eile ar an scéal a léiríonn nach bhfuil siad chomh flaitiúil 's a ba mhaith leo a chur ina luí orainn.

Feicfidim an cur i gcéill seo go láidir i gcur chuige Dalradian ina gcuid feachtas caidreamh poiblí, déantar iarracht an scéal a dhéanamh chomh dearfach agus is féidir agus coinnítear aon ghné dhiúltach i bhfolach i ngréasán leathfhírinní. Roimh Eanáir 2016 bhí formhór an phobail ag tacú leis an mhianach nó níor smaoinigh siad

mórán faoi agus bhí an obair ar fad le bheith faoin talamh.

Ag deireadh mhí Eanáir 2016 áfach, tháinig fíorphleananna Dalradian amach, d'fhógair siad go raibh siad ag beartú monarcha mhór phróiseála ina mbeadh an ceimiceán contúirteach ciainíd a úsáid ann le carn fuilligh in aice leis a bheadh níos mó ná cúig mhéid déag de Halla na Cathrach i mBéal Feirste a thógáil ar thaobh an ghleanna agus ar láthair nach bhfuil ach ciliméadar ónár mbunscoil áitiúil, ár séipéal, ár halla pobail agus ár bpáirceanna peile CLG. Baineadh geit as an phobal. Is iomaí cúis ghearáin atá againn fá seo, tá muid glan in éadán na ciainíde agus creidimid nach bhfuil an LSN ar an áit is fóirsteanáí dá leithéid de fhorbairt.

Ar a bharr sin, ag rith ag bun an chnoic ar an dá thaobh tá an Abhainn Choilleadh agus an Abhainn Riabhach atá aitheanta mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. Is ceantar ar leith é seo ar fad ar chóir go mbeadh an stát ó thuaidh á chaomhnú, ag seiceáil forbairtí sa limistéir é féin le cinntiú nach gcuireann sé isteach ar an radharc tuaithe neamhloitithe, á chaomhnú ó thaobh na timpeallachta de agus ag caomhnú na haibhneacha ina bhfuil cónaí ar an daonra is mó diúilicín péarla fionn-uisce sna Sé Chontae. Téann pleananna Dalradian go hiomlán in éadán gach atá scríofa fán LSN agus tá muintir na háite ar buile go bhfuil deacrachtaí acu tithe a thógáil ach go bhfuil

seans ag an chomhlacht seo monarcha mhór a bheas ag feidhmiú 24/7 agus 7 lá sa tseachtain a thógáil. Riail amháin don ghnáthdhuine agus riail eile don chomhlacht saibhir.

Tá an pobal múscaillte, gríosaithe agus réidh le dul i mbun troda. Tá muid ag obair ar an chumhacht a thabhairt ar ais do na daoine tríd an t-eolas a thabhairt dóibh le himscrúdú ceart a dhéanamh ar an eolas claonta a thagann ó Dhalradian. I

Mheas Dalradian pobal an Chaisleáin Ghlais faoina luach, níor thuig siad an bród sa cheantar ná an grá a bhíonn ag duine dá oidhreacht, dá thalamh, dá mhuintir a chuaigh roimhe. Tá sé de cheart agus de dhualgas orainn an talamh sárálainn seo a chaomhnú don todhchaí, an diúilicín péarla fionnuisce a chosaint ó thruailliú, an suaimhneas a chothú, agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine áitiúla atá faoi bhagairt de bharr truailliú fuaime agus radharcach ó phleananna Dalradian. Is é an rud is tábhachtaí ná ár bpobal a chosaint ó aon scoilt a chruthóidh Dalradian. Tacaigí linn tríd ár bhfeachtas trí na leathanaigh Facebook *Save Our Sperrins* agus *Greencastle Community Voices*.

Oibríonn Sinéad Ní Mhearnóg le Glór na nGael go lánaimseartha. Is cathaoirleach í ar Chraobh Chonradh na Gaeilge ar an Omaigh, Pobal ar a'n Iúl agus déanann sí obair dheonach le daoine óige ar an Chaisleán Glas.



Muintir na háite ag agóidíocht i gcoinne Dalradian

An réabhlóid is mó

le Aindrias Ó Cathasaigh

Ba é Máirtín Ó Cadhain a dúirt go mba í réabhlóid Dheireadh Fómhair 1917 sa Rúis “an Réabhlóid is mó a bhí ariamh ann”. Ach oiread le leagan amach Uí Chadhain fré chéile, is mór idir sin agus dearcadh lucht na Gaeilge sa lá inniu. Is beag spéis atá dá cur i réabhlóid na Rúise againn céad bliain ina diaidh.

Tuige a mbacfaidh Gaeil le réabhlóid na Rúise, áfach? Tá neart miotas agus bréag le cartadh ar an mbealach sular féidir an cheist sin a fhreagairt. Ní haon tubaist thruamhéileach a thit ar mhuintir na Rúise, agus ní hamhlaidh ach chomh beag gur thug ceannairí cliste ar teaghrán chun na caithréime iad. I ndáiríre, éirí amach coiteann a rinne cosmhuintir na Rúise i 1917, ionsaí as éadan ar an éagóir a d’fhulaing siad leis na blianta.

Ní chuirfeadh oibrithe sna cathracha suas leis an dúshaothrú a rinneadh orthu gan tada dá bharr. Ní ghlacfaidh muintir na tuaithe leis gur le cead an tiarna talún a bheidís beo. Ní throidfeadh saighdiúirí a thuilleadh i gcogadh gan chiall. D’éiligh mná cothrom na féinne, agus neart dreamanna eile.

Níorbh é an chuid ba lú den fhéile fuascailte seo an chaoi ar iarr pobail éagsúla cuing impireacht na Rúise a chur díobh. D’éiligh an Fhionlainn, an Úcráin, an Phólainn agus eile go stiúrfaidís a gcinniúint féin. Acu féin a bheadh an focal scoir feasta, agus an focal sin a rá ina dteangacha féin. Is iomaí cultúr faoi chois ar tháinig bláth air faoi ghrian na réabhlóide.

Bhí an tír ar fad ina cumann díospóireachta, dúradh – nó ina teach gealt, má b’fhíor do naimhde na réabhlóide. Cuireadh smaointe úra chun cinn agus pléadh ó mhaidin go hoíche iad. Ní rialtas eile a theastaigh ón bpobal ach saol eile, bealaí nua maireachtála a chuirfeadh ar a gcumas beatha shaor a chaitheamh. Agus thuig siad nach bhféadfaí cuimhniú ar a leithéid gan smacht a fháil ar an ngeilleagar. Mara gcuirfidís an tua le fréamhacha eacnamaíochta na héagóra, b’fhánach acu cupla craobh a scoitheadh anseo is ansiúd. Ní réabhlóid amháin a rinne siad i 1917, mar sin, ach athréabhlóid lena cois chun na sóivéidí – na comhairlí bundaonlathacha a bhí ar siúl acu sna



láithreacha oibre agus eile – a chur sa diallait.

Ar ndóigh, ba ghearr a mhair an réabhlóid seo. Ní réabhlóid Rúiseach amháin a bhí i gceist léi, ach an chéad chéim i réabhlóid idirnáisiúnta. Mara dtarlódh a macasamhail sa nGearmáin, san Iodáil, sa bhFrainc agus mar sin de, ní bheadh i réabhlóid na Rúise ach lúb lag ar lár, gan i ndán di ach dreo. Nuair a theip ar iarrachtaí réabhlóideacha i dtíortha eile, d’imigh an réabhlóid as sa Rúis, gur chuir frithréabhlóid Stailin deireadh léi.

Ach ní hionann sin ar chor ar bith is a rá nárbh fhiú iarracht 1917. Ní hé gur theip ar aisling na bliana sin, ach nár fíoraíodh an aisling chomh forleathan agus ba dhual. B’aisling í a chuir na mílte de lucht oibre na Rúise i ngníomh ó 1917 amach, agus súil in airde acu leis an tsaoirse a bhéarfadh sí léi.

Baineann scéal na réabhlóide sin linne chomh maith. Ba chroíúil an fháilte a fearadh roimpi i nGaeilge, agus níor gan ábhar sin. Má cheapann muid gur féidir fuascailt na teangan a fháil gan baint den éagóir shóisialta atá ina orlaí trí shaol ár linne, gan cur isteach ar an tiarnas eacnamaíochta is bun léi sin, díomá atá i ndán dúinn. Ach mar chuid d’olliarracht tabhairt faoin éagóir úd agus saoirse a bhaint amach i gcúrsaí eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus uilig, beidh seans ag an nGaeilge ionad a aimsiú i lár an aonaigh.

Is sóisialaí é Aindrias Ó Cathasaigh agus cónaí air i mBaile Átha Cliath. Is scríbhneoir agus staraí é. Tá Réabhlóid na Rúise: Leabhar 1 amach anois aige ón gcomhlacht Coiscéim nó tríd an suíomh reabhlóidnaruiwe.webs.com.

“Níor chóir do liobraíoch ar bith de chuid an h-eite clé a bheith in aghaidh cead a thabhairt do dhaonra atá faoi chois iad fhéin a eagrú mar ghrúpa féinrialaithe – bíodh sé i gcónaídhm [liobraíoch] . . .

nó mar náisiúinstát bunaithe ar éagothromaíochtaí céimlathacha agus sóisialta”

– Murray Bookchin, scríbhneoir ainrialach glas (1921-2006)



Feachtas nua le tír dhátheangach a chruthú

• Aidrian Breathnach

Ó bhunú an Stáit seo bhí polasaí i ndiaidh polasaí againn, chomh maith le straitéis i ndiaidh straitéise agus buiséad i ndiaidh buiséid don Ghaeilge. Ach mar náisiún, tá teipthe go hollmhór orainn chun teanga bheo laethúil fhorleathan a dhéanamh di. Agus tá sé in am dúinn é sin a admháil go hionraic. Ach leanann rialtas i ndiaidh rialtais ag cur muiníne ina bhreithiúnas féin faoin tslí is fearr an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn. Agus teipthe orainn le beagnach céad bliain anuas, nach bhfuil sé in am dúinn féachaint ar thíortha eile, cosúil leis an Iosrael agus Quebec, ar éirigh leo a dteanga a athbheochan agus a rinne teanga bheo laethúil díobh? Agus cad a rinne siad? An-simplí dar ndóigh. Tumoideachas sa teanga sin i ngach uile scoil sna tíortha sin, ní amháin scoileanna áirithe. Táimid tar éis an Ghaeilge a mhúineadh mar an dara teanga i bhformhór na mbunscoileanna agus na meánscoileanna ar fud na hÉireann, agus is é sin ár dteip is mó. Ní chaithfidimid ach féachaint ar chaighdeán na Gaeilge a bhíonn ag mórán páistí bunscoile ag fágáil Rang 6 tar éis ocht mbliana, agus ag daltaí meánscoile ag fágáil tar éis trí bliana déag. Tá sé náireach.

Is é an t-aon slí, i mo thuairimse, chun tír dhátheangach a bhaint amach sa todhchaí ná plean a chur ar bun chun go mbeadh gach scoil náisiúnta sa tír ag feidhmiú mar Gaelscoil. Is iad Gaelscoileanna an gaise is fearr le tríocha bliain anuas ó thaobh caomhnú agus cur chun cinn na teanga de. Ba cheart do mhúinteoirí náisiúnta i scoileanna náisiúnta a bheith ábalta ár dteanga náisiúnta a labhairt agus a mhúineadh, is é sin bun agus barr an scéil. Seo iad na moltaí chun an plean sin a chur i bhfeidhm:

I dtosach báire ba cheart go rachadh na coláistí oiliúna i dtaithí ar an gcúrsa BA Oideachas a réachtáil trí mheán na Gaeilge. Ní na gnéithe ar fad den chúrsa atá i gceist agam, ach na hábhair phraiticiúla a bheidh na múinteoirí ag múineadh istigh sna seomraí ranga. Beidh na múinteoirí oile a ndóthain, mar sin, chun múineadh i nGaelscoileanna nuair a thagann siad amach as na coláistí tar éis ceithre bliana. Ba cheart go mbeadh an chumarsáid fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil trí mheán na Gaeilge freisin chun an teanga a normalú do na hoiliúnaithe. Shocróinn grád



B3 sa Ghaeilge mar riachtanas don chúrsa B Oid. Caomhnóidh sé sin ardchaighdeán na Gaeilge, agus ag an am céanna ísleoidh sé na painéil mhúinteoirí atá róphlódaithe againn faoi láthair, róphlódaithe le múinteoirí nach bhfuil an cumas acu nó an suim acu sa teanga ach go háirithe.

Sa dara háit, ba cheart go gcuirfear plean 20 bliain i mbun i ngach scoil náisiúnta sa tír leis an gcuspóir go múiní gach ábhar trí mheán na Gaeilge ag deireadh an phróisis, ag úsáid an córas rathúil tumoideachais. Bheadh béim sna chéad deich mbliana ar na hábhair neamhacadúla agus ábhair atá taitneamhach, cosúil le Corpoideachas, Ceol, Ealaín agus Drámaíocht. Thosódh an scoil le hábhar amháin sna chéad trí bliana m. sh. corpoideachas, á mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Tar éis trí bliana, chuirfí ábhar eile leis agus leanfadh sé sin ar aghaidh gach trí bliana ionas go mbeadh na croí-ábhair á mhúineadh trí mheán na Gaeilge taobh istigh de 20 bliain. Chuirfí cúrsaí inseirbhíse leanúnacha agus cúrsaí forbartha proifisiúnta ar fáil do mhúinteoirí ón Roinn Oideachais agus ón tSeirbhís um

Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) chun an plean a chur i bhfeidhm.


Mar bhuille scoir, tá fadhb ollmhór inár gcóras oideachais faoi láthair, fadhb nach féidir linn bodhaire Uí Laoghaire a thabhairt dó a thuilleadh. D'iarrfainn ar an gcéad Aire Oideachais eile, pé duine a bheadh ann, dul isteach sa Bhearna Bhaoil agus bille a thabhairt i láthair don phlean sin, plean a gheobhaidh tacaíocht trasna na bpáirtithe go léir, rud a bhfuilim cinnte de, agus an plean a chur i bhfeidhm chun Éire dhátheangach a bhaint amach.




Is gníomhaí teanga agus poblachtánach ó Chiarraí é Adrian Breathnach. Tá cónaí air i gCorcaigh. Is príomhoide é ar Gaelscoil Pheig Sayers agus is rúnaí é san eagraíocht Gael-Taca i gCorcaigh freisin.

Amhrán na mBreatnach

Ba i seomra codlata i gCardigan a thosnaigh Datblygu amach tá 30 bliain ó shoin. D'fhágadar an seomra san agus iad ina gceannródaithe i gceol na Breatnaise feasta. Tugann príomhamhránaí an racghrúpa thríalaigh, David R. Edwards, fé ghnéithe don tsochaí mórthimpeall air agus ní haon nath aige polaiteoirí agus boic mhóra a bhaint dá gcapaill. Is minic a theanga ina leathphluic aige nó rudaí á rá gan scáth. Laochra sráide iad a



d'eascair as duairceas ré antuirseach Thatcher. Is mó bearna nua a d'osclaíodar (mar a dheineann Mac Conghail dúinne) agus ní mór an t-amhrán a chur ar siúl agus tú ag léamh an aistriúcháin seo. San amhrán Càn i



Càn i Gymry *Amhrán i mBreatnais le Datblygu*

Gradd da yn y Gymraeg
Ar y Volvo bathodyn *Tafod y Ddraig*,
Hoff o fynychu pwyllgorau blinedig
Am ddyfodol yr iaith yn enwedig,
Meistroli iaith lleiafrifol fel hobi
Platiau dwyieithog i helpu y gyrru
Agwedd cwbl addas Ar gyfer cynllun cartre
Syth mas o set 'Dinas'.
Wastod yn mynd i Llydaw
Byth yn mynd i Ffrainc,
Wastod yn mynd i Wlad y Basg
Byth yn mynd i Sbaen.
Fin nos yn mynychu bwytai
Wedi dydd ar y prosesydd geiriau,
Mewn swydd sy'n talu'r morgais
I'ch gwyneb person cwbl cwrtais
O'r ysgol feithrin i Brifysgol Cymru
Tocyn oes ar y tren grefi,
Byddai'n well da fi fod yn jynai
Na bod mor wyrdd a phoster Plaid Cymru.
Darnau gosod yr Wyl Gerdd Dant
A holl broblemau'r ddau o blant,
Gwersi telyn Llinos Wyn,
A phroblem acne Llywarch Glyn,
Heb anghoffio codi stwr

Céim mhaith sa Bhreatnais
Ar an Volvo *Tafod y Ddraig* mar shuaitheantas,
Nach aoibhinn freastal ar chruinnithe leadránacha
Faoi thodhchaí na teangan go háirithe,
Mionteanga a shealbhú mar chaitheamh aimsire
Plátaí dátheangacha mar chúnamh tiomána
Meon an-oiriúnach do phlean teaghlaigh
tagtha díreach as seit 'Dinas'.
I gcónaí ag triall ar an mBriotáin
ach ní ar an bhFrainc
I gcónaí ag triall ar Thír na mBascach
ach ní ar an Spáinn.
Um thráthnóna ag triall ar bhialanna
Is an lá caite ar an bpróiseálaí focal
Post a íocfaidh as an morgáiste úd
Suas le do bhéal, duine an-chairdiúil
Ó naíonra go hOllscoil Cymru
Ticéad saoil ar thraein an tsúlaigh,
B'fhearr liomsa bheith im juncaí
Ná bheith chomh glas le póstaer Plaid Cymru.
Seanphoirt Fhéile Cerdd Dant
Na fadhbanna le beirt chlainne
Ranganna cruite Llinos Wyn
Fadhb aicne Llywarch Glyn
Gan dearmad raic a thógaint



David R. Edwards

Gymry, gheobhair cur síos ar dhaoine ceangailte is ceannaithe ag meon na n-institiúidí sa Bhreatain Bheag — níl faic ag cur tinnis orthu, mar dhea, ach fadhb aicne na leanaí agus an morgáiste. Ar mhiste leo dúnmharú a dteangan féin i ndáiríribh? Cad mar gheall ar an bpraisigh déanta dá phobal? Bhfuil leisce orthu a scograill a shíneadh thar chlaí go gcífídís conas a luíonn an bhróg ar chosa a gcomharsan? B'fhéidir gurbh fhearra dhóibh na gloiní fíona a chaith-eamh uathu agus fírinne na haoire seo a chlos ósna callairí!

»Caithíg súil ar eochair na mbard chun léamh a fháilt ar thagairtí éagsúla san amhrán.

Eochair na mBard:

Tafod y Ddraig (Teanga an Dragain): Seo é mana *Cymdeithas yr Iaith* — brúgrúpa nótáilte a bunaíodh sna 60dí athá go hard os cionn a mbuille sa streachailt ar son cearta teangan. Glacann siad modhanna síochánta ar son na Breatnaise agus pobail na tíre mar chuid de réabhlóid idirnáisiúnta ar son saoirse, ba de réir a mbriathar féin an méid sin.

Dinas (Cathair): Sraith theilifíse ar S4C a chaith solas ar shaol urbánaithe na meánaicmí i gCardiff.

Cór Fear: Tá cáil ar na MVCanna. Bhí dúil chomh mór ag an lucht oibre sna hiomainn sa 19ú haois déag gur mhol fostóirí iad a chanadh fad a bhíodar ag stracadh ar chuma meaisíní sna mianacha toisc an fuinneamh a bhaintí astu. Ní fheadar an bhfuil a macalla le clos i 'Sliabh Geal gCua na Féile'? Chaith a

údar Déiseach, Pádraig Ó Miléadha, téarma fada ag mianadóireacht lena gcois. Cuir 'Gwahoddiad' nó 'Cwm Rhondda' sa dhiúitiúib go gcuirfidh a nglór fuaimintiúil an ghruaig ar chúil do chinn ina seasamh.

BBC: Paca diabhal a bhíonn ag scilligeadh éithigh chun dalladh púicín a chur ar an gcéad ghlúin eile de throdaithe in aghaidh an impiriúlachais. Iompaíonn bile ársa ina luaithreach agus amhrán sean-nóis ina shiolla gaoithe gach uair a leagtar súil ar cheann dá gcláracha bolscaireachta. Frith-chraic ar fad iad.

Cerdd Dant (Ceol na dTéad): Ealaín idir fhonnadóir agus chlárseoir. Ní túisce a chloiseann an t-amhránaí an fonn á phiocadh as téadaí na cláirsí ná freagraíonn le séis eile tobchumtha i dtiúin leis. Is ag féile bhliantúil "Yr ŵyl Gerdd Dant" a bhíonn comórtaisí á reáchtáil.



Aistrithe ag Séamus Barra is Bethan Ruth Roberts

Am straen angeuol job y gwr —
Mae'n gorfod gweithio un tan tri
Yn gynhyrchydd BBC,
Llosgwch eich tafodau
Ar eich panedau piwritanaidd,
Collwch eich dynoliaeth
Mewn economeg academiaidd.
Enwch cyfeillion sy'n enwogion
Gyd o'r Seiri Rhyddion,
Trafodwch tapiau corau meibion
A'r eitemau sydd ar 'Hel Straeon'
Rhifau cynulleidfara oedfa
A pha liw i lenni'r lolfá,
Tiwtoriaid preifat i helpu'r plant
Neuadd Dewi Sant,
Digon o wyliau i gynnal lliw haul
Digon wrth Brydeinig i swnio fel Sieg Heil
Meistrolí iaith lleiafrifol fel hobi
Dweud fod Cymru'n cael ei orthrymu,
Er fod eich ceir a sticyrs Tafod Y Ddraig
Cawsoch radd da yn y Gymraeg (x4)
Ar y Volvo bathodyn Tafod y Ddraig
Gradd da yn y Gymraeg (x3)
Cymraeg, Cymraeg (x4) Gradd da yn y Gymraeg,
Ar y Volvo.

Faoín strus ag baint le post d'fhir —
Is é a oibríonn go dtína trí mar léiritheoir BBC,
Loiscigí bhur dteangacha
Ar bhraonta fíréanta tae,
Cailligí bhur ndaonnacht ansan
Le heacnamaíocht chleas an léinn.
Seo libh agus ainmnígí bhur gcairde
Daoine mór le rá - Na Máisiúin go léir!
Bígí ag trácht ar théipeanna na gcór fear
Is míreanna le feiscint ar 'Hel Straeon'
Líon an lucht éisteachta ag amhráin an aifrinn
Dath na gcuirtíní sa seomra suí
Teagascóirí príobháideacha ag helpáil leis na páistí
Halla Naomh Dáithí,
Go leor laethanta saoire chun dath a choinneáil
Go leor Frith-Bhriotanachais ar chuma Sieg Heil
Mionteanga a shealbhú mar chaitheamh aimsire
Ag maíomh go bhfuil An Bhreatain Bheag fé chois
Ach ar do chairteacha tá sticéirí Tafod y Ddraig
Bhí céim mhaith agat sa Bhreatnais (x4)
Ar an Volvo Tafod y Ddraig mar shuaitheantas
An-chéim sa Bhreatnais (x3)
An Bhreatnais, An Bhreatnais (x4)
Céim mhaith sa Bhreatnais,
Ar an Volvo.

Saol na bó bainne

• Seaghan Mac an tSionnaigh

'Vida de gado', nó 'Saol na mbó bainne' — amhrán é seo a cheiliúránn agus chásaíonn lucht oibre na Brasaíle a mbaineann fulaingt agus féasta lena saolré. Is iad focail an aistriúcháin Ghaeilge is fearr a mhíneoidh a bhfuil i gceist leis an abairt dheireanach sin. Ó thús na seachtóidí atá tograí ceoil ar siúl ag Zé Ramalho (ar dheis), an té a chum, agus níor chuaigh aon stad fós air, bail ó 'Vhida' air. Tá ceirníní fós á gcur amach aige. Chuireas-sa suim ar dtúis ina chuid ceoil toisc dianchúrsa Phortaingéilis na Brasaíle a bheith ar bun in Ollscoil Notre Dame i láthair na huairé agam i dtreo slacht a chur ar mo chumas sa teanga sin sara dtabharfaidh mé faoi thuras báid ó Leticia na Colóime soir go Manaus na hAmasóine. B'fhéidir nach aon mhórghaisce samhlaíochta uaim a leithéid a chur in iúl mar thuairim san irisleabhar seo, ach cuireann Zé Ramalho Bob Dylan go mór i gcuimhne dhom, idir chineál na n-amhrán a chumann sé, a chuid téacsanna, agus thuinn a ghutha agus é á rá. Caetano Maschio Santos ón mBrasaíl a thairrig anuas ar dtús dom é, eitniceoleolaí óg atá sáite i bpobal an cheoil Ghaelaigh in Sao Paulo agus a bhfuil taighde á dhéanamh aige ar chumas an cheoil ó thaobh dearcadh criticiúil a fhorbairt i leith míchothroime an chaipitliochais.

Tá Seaghan ina scoláire Fulbright sna Stáit Aontaithe ag múineadh Gaeilge in Ollscoil Notre Dame. Bronnfar céim dhochtúireachta air i gColáiste Mhuire Gan Smál an mhí seo i ngeall ar an taighde atá déanta aige ar bhéaloideas Chorca Dhuibhne.



Vida de gado | Saol na bó bainne

Sibhse gur aon dream anaithnid amháin sibh,
go ngealltar an todhchaí seo dhaoibh,
is mó é bhur gcreach ná bhur dteacht isteach,
is measa bhur nglam ná bhur ngreim,
gan i ndán anois daoibh ach an misneach a mhúscailt,
is é a chaitheamh go deireadh na feide,
is gan de phort ag an bhfeadóg úd ar deireadh,
ach an mheirg á creimeadh gan dua.
Húm, hám, saol na mbó bainne,
bochtáin bhrandáilte,
bbochtáin gan bhuairt.
Húm, hám, saol na mbó bainne
bochtáin brandáilte,
bochtáin gan bhuairt.
Aimsir mheala atá lasmuigh de dhoras,
faoi dhíograis shábháilte an ghnáthaimh,
carranna ag craoladh an nuachta,
agus daoine á scríobh sna nuachtáin,
tá siad ag teitheadh le breacadh an lae uainn,
an t-aon sórt seanaoise ina dtiteann siad,
iad ag fanacht ar imeall an bhóthair,
leis an bhfuíollach dá maireann a chomhaireamh.

Húm, hám, saol na mbó bainne,
bochtáin bhrandáilte,
bochtáin gan bhuairt.
Húm, hám, saol na mbó bainne,
bochtáin bhrandáilte,
bochtáin gan bhuairt.
Teithfidh na boicht ó easpa an eolais,
tá an nimh ar an aithne atá acu air,
taibhrítear dóibh cuimhní geala ón uair a bhí,
taibhrítear dóibh príosúnacht saoil,
iad ag fanacht le deiseanna úra,
is fada leo córas nua a theacht i réim,
tá Áirc Naoi ann, agus tá blimpe,
dhá ártach atá gan eitilt, gan snámh,
dhá ártach atá gan eitilt, gan snámh,
dhá ártach atá gan eitilt, gan snámh.
Húm, hám, saol na mbó bainne,
bochtáin bhrandáilte,
bochtáin gan bhuairt.
Húm, hám, saol na mbó bainne,
bochtáin bhrandáilte,
bochtáin gan bhuairt.

Agallamh le gníomhaí teanga as Tír na mBascach

Jone Ugarteburu agus Seanán Mac Aoidh i mbun agallamh le **Koldo Zarate Onaindia**

Inis dúinn giota beag fá dtaobh duit féin agus caidé do ról sa ghrúpa?

Koldo Zarate Onaindia atá orm agus is as Durango mé, tá mé 34 bliain d'aois agus tá mé i mo bhall de choiste náisiúnta Euskal Herrian Euskaraz (i mBascais i dTír na mBascach)

Cad chuige ar thosaigh tú ag obair ar son na Bascaise?

An baile agus an scoil a d'fhág agam an díograis le bheith ag obair ar son na Bascaise. Ó tháinig ciall chugam thuig mé gur Euskalzale (duine atá dílis don Bhascais) a bhí ionam. Nuair a bhí mé óg thosaigh mé ag cuidiú ag le Euskal Herrian Euskaraz i nDurango agus ina dhiaidh sin mar ghníomhaire de chuid EHE. Ba í an chloch ba mhó ar mo phaidrín teanga dhúchais ár muintire a thabhairt slán nó ceart sóisialta atá ann a bheith ábalta do shaol a chaitheamh fríd Bhascais.

Caidé mar atá ag éirí leis an Bhascais sa lá inniu.

Ní féidir a shéanadh go bhfuil feabhas mór tagtha ar an scéal. Ach turas fada atá ann agus é anois ag éirí níos fadalaí. Níl an próiseas athbhascaithe ag déanamh dul chun cinn mar is ceart le tamall agus is mithid anois léim a thabhairt agus gníomh éifeachtach a dhéanamh. Ba ghaiste i bhfad an próiseas dá gcuirfí le chéile an obair ar fad a

dhéantar ar son na Bascaise, sa dóigh is go mbeadh sé ag dul sa treo amháin agus, leoga, dá dtabharfaí san áireamh na polasaithe oifigiúla uilig atá in ainm is a bheith ar mhaithe leis an Bhascais. Tá sé in am againn bogadh ar aghaidh ó "bheith ar son" na Bascaise agus, ina áit sin, gníomhú ar son na Bascaise.

Cén cineál imeachtaí agus feachtas atá ar siúl agaibh le gairid?

Le bliain tá próiseas smaointeoireachta ar bun againn darb ainm "Bí, déan, agus imir tionchar." Bhí an smaointeoireacht seo oscailte agus saibhir. Tá bealach gearrtha amach againn don am atá romhainn. Tá craobhacha de EHE againn i mbailte éagsúla ar fud na tíre agus

oibríonn gach ceann acu ar dhóigh éagsúil: grúpaí a fhéachann le cainteoirí Bascaise a dhéanamh níos gníomhaí, grúpaí a bhfuil a n-aird ar an chath idé-eolaíochta acu, grúpaí a dhíríonn ar sheirbhísí stáit a Bhascú, grúpaí a shaothraíonn an Bhascais féin agus grúpaí atá dírithe ar chúrsaí oideachais a dhéanamh níos Bascaí.

Caidé na modhanna agóidíochta atá agaibh?

Tá modhanna éagsúla againn, léirsithe, achainithe, imeachtaí spleodracha agus samhlaíochta agus dóigheanna éagsúla le heasumhlaíocht shibhialta a dhéanamh. I gcónaí is bunaithe ar chuid riachtanas na Bascaise a bhíonn siad seo agus fríd mheán na Bascaise a

tharlaíonn siad. Nuair a bhíonn na péas ag iarraidh ar ár gcuid ainmneacha a fháil uainn, ní fhágann muid an cosán muna labhraíonn siad i mBascais linn.

An bhfuil dóchas agat as todhchaí na Bascaise?

Tá dóchas agam as na euskalzaleak (daoine atá dílis don Bhascais) agus sílim gur bhain an pobal féin mórán amach ar a shon féin corradh is scór bliain ó shin. Ag glacadh dúinn an spiorad sin mar eiseamláir, agus ag fóirstean don am atá i láthair, sílim go mbeidh sé de neart againn Tír na mBascach Bhascach a bhaint amach taobh istigh da dhá ghlúin. Ach ar ndóiche, caithfidh muid sin a eagrú agus stiúir mhaith a choinneáil air sin uilig go léir.

Caidé mar a thig le mionteangacha san Eoraip cuidiú le chéile?

Tá Kontseilua ("comhairle") ag obair i gcuideachta eagraíochtaí mionteanga eile san Eoraip agus sa bhliain 2016 scríobh siad prótacal cearta teanga. Tá sé in am againn an prótacal sin a chur in oiriúint do gach áit acu agus treabhadh linn. Tá obair mhór déanta agus caithfear anois na torthaí a bhaint amach. [Tuilleadh eolais ar fail ag <http://protokoloa.eus/>]

An bhfuil a dhath eile le rá agat leis na Gaeil?

Sílim gur chuir gluaiseacht na ndaoine brú ar na húdaráis le céimeanna chun tosaigh a ghlacadh ar son na Bascaise. Agus sin mar eiseamláir againn, thig leo féin sin a dhéanamh. Tá mórán le foghlaim ag na pobail mhionteanga óna chéile. Saibhrítear muid i gcónaí agus muid ag obair le chéile. Le gairid, sa Chatalóin a bhí muid agus d'fhoghlaim muid mórán.



MEANMANRA



Glac Ballraíocht le Misneach



Sonraí Teagmhála MISNEACH:

Náisiúnta: Facebook

eolas@misneachabu.ie

www.misneachabu.ie (le seoladh gan mhoill)

Gaillimh: facebook,

misneachnagaillimhe@gmail.com

Béal Feirste: facebook

Baile Átha Cliath:

misneachbac@gmail.com

Misneach Dhoire, Chorcaí, Luimní, Idaho,

Nua-Eabhrac agus **Misneachd na hAlban**

le fáil ar facebook